# Gaelscoil na gCeithre Maol

# Fógra Bliantúil

## FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH

### i dtaca le ligean isteach i scoilbhliain 2024/2025

### Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2024-25 ar fáil mar seo a leanas: –

Le híoslódáil ag: www.scoilnagceithremaol.com

Ar iarratas: Ach ríomhphost a chur chuig scoilnagceithremaol@yahoo.ie nó scríobh chuig: Oifig na scoile, Gaelscoil na gCeithre Maol, Cearnóg an Mhargaidh, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

### CUID 1 - Ligean isteach i scoilbhliain 2024-2025

### Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2024-25

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna Naíonáin Shóisearacha

| | |
|---|---|
| Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | 1ú Samhain 2023 |
| Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | 1ú Márta 2024 |
| Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná | 8ú Márta 2024 |
| Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná* | 22ú Márta 2024 |

**Nóta: Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.**

**Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar**

### Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2024-25

| | |
|---|---|
| Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sna Naíonáin Shóisearacha ná | **30** |

Tá tairiscintí ar shocrúchán scoile déanta i scríbhinn ag Gaelscoil na gCeithre Maol agus glacadh leo roimh Thosach Feidhme Alt 62 den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018 ar an 1 Feabhra 2020. Is é líon na n-áiteanna sin a tairgeadh agus ar glacadh leo i dtaca leis [an ngrúpa iontrála sna naíonáin shóisearacha/sa chéad bhliain do 2024/2025] ná: 0